



TREOIR D'IARRATASÓIRÍ

Ábhar

REGIOSTARS 2023.....	3
Catagóirí comórtais.....	4
Critéir Incháilitheachta agus Ghradaim.....	11
An próiseas roghnúcháin.....	12
Treoir Phraiticiúil do REGIOSTARS 2023.....	13

REGIOSTARS 2023

Is é REGIOSTARS an comórtas bliantúil atá á eagrú ag DG REGIO ó 2008 i leith: is é lipéad barr feabhais na hEorpa é do thionscadail atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, a léiríonn tionchar agus cuimsitheacht na forbartha réigiúnaí. Ó 2023 ar aghaidh, tá roinnt míreanna nua á gcur leis an gcomórtas, agus is é an chéad cheann gur féidir le tionscadail dul san iomaíocht i sé chatagóir, atá sonraithe anseo thíos, a fhanfaidh mar a chéile ar feadh na mblianta. Trí réitigh a chur ar aghaidh ar dhúshláin choiteanna agus leas a bhaint as na deiseanna is mó, spreag na REGIOSTARS réigiúin chun beartas réigiúnach AE atá níos éifeachtaí a sheachadadh. Spreagaimid iarratais ó réigiúin bheagfhorbartha san Eoraip agus ó gach réimse clár. Tá an t-ardán iarratais ar líne ar oscailt ó 27 Feabhra go dtí 31 Bealtaine 2023.

Bronntar REGIOSTARS ar thionscadail i sé chatagóir théamacha:

- Category 1) EORAIP IOMAÍOCH AGUS CHLISTE
- Catagóir 2) EORAIP GHLAS
- Catagóir 3) EORAIP NASCTHA
- Catagóir 4) EORAIP SHÓISIALTA AGUS CHUIMSITHEACH
- Catagóir 5) EORAIP ATÁ NÍOS GAIRE DO NA SAORÁNAIGH
- Catagóir 6) TOPAIC NA BLIANA (An Bhliain Eorpach Scileanna 2023)

Rinneadh an próiseas roghnúcháin a athbhreithniú, leis. Ar dtús, déanfaidh painéal acadóirí ardleibhéil sna réimsí faoi seach measúnú ar na hiarratais fhaighte agus lucht an bhabhta cheannais a roghnú. Ina dhiaidh sin, iarrfar ar lucht an bhabhta cheannais teacht chuig 'babhta ceannais' roghnúcháin le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha sa Bhruiséil.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, beidh deis ag an bpobal vótáil don duine is fearr leo sa chomórtas ceannais do Ghradam Rogha an Phobail. Fógrófar na buaiteoirí go léir le linn searmanas REGIOSTARS in Ostrava (Poblacht na Seice) an 16 Samhain 2023.

Gheobhaidh buaiteoirí na sé chatagóir feachtas cumarsáide áitiúil arna bhainistiú i gcomhar le DG REGIO chun na gníomhaíochtaí sa réigiún a ghnóthaigh gradam a chur chun cinn.

Soláthraíonn an treoir seo d'iarratasóirí an t-eolas go léir is gá duit le go mbeidh do thionscadal ina bhuaiteoir. I dteannta cur síos mionsonraithe ar na catagóirí gradaim agus na critéir incháilitheachta agus ghradaim, tá faisnéis phraiticiúil ar an bpróiseas iarratais sa treoirleabhar.

Táimid ag tnúth le d'iarratas tionscadail a fháil, agus ádh mór!
Foireann REGISTARS

Catagóirí comórtais

Catagóir 1 – Eoraip iomaíoch agus chliste

Díríonn Catagóir 1 ar thionscadail a thacaíonn le Cuspóir Beartais 1, chun Eoraip iomaíoch agus chliste a bhaint amach trí chlaohlú eacnamaíoch nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn.

Tá an margadh aonair i gcroílár an tionscadail Eorpaigh, rud a chuireann ar chumas daoine, seirbhísí, earraí agus caipiteal gluaiseacht faoi shaoirse, ag tabhairt deiseanna do ghnólachtaí Eorpacha agus rogha níos fearr agus praghsanna níos ísle do thomhaltóirí. Cuireann sé ar chumas na saoránach taisteal, maireachtáil, oibriú nó staidéar a dhéanamh cibé áit is mian leo. Tríd is tríd, cabhraíonn sé le cathracha agus réigiúin Eorpacha a lánpháirtíocht san Aontas Eorpach a dhóimhniú. Is mórchuspóir é margadh aonair saoráideach a sholáthar, inar féidir le cuideachtaí de gach méid agus in aon earnáil dul san iomaíocht ar théarmaí comhionanna, agus inar féidir leo teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt, a mhargú agus a úsáid ar scála a threisiú a dtáirgiúlacht agus a n-iomaíochas domhanda, agus mar ar féidir le tomhaltóirí a bheith muiníneach go gcosnaítear a gcearta. Trí mhargadh aonair, geallann an tAontas Eorpach a sheasamh ar an margadh domhanda a neartú, a bheith ina imreoir digiteach domhanda, agus geilleagar digiteach atá cothrom agus iomaíoch a sholáthar, mar atá leagtha amach sa Straitéis Eorpach Dhigiteach “Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach”. Tá sé mar aidhm ag straitéis dhigiteach AE go n-oibreoidh an claohlú seo do dhaoine agus do ghnólachtaí, agus ag an am céanna cabhrú lena sprioc Eoraip atá aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050.

Táimid ag lorg tionscadail mhaithe a chuireann claohlú eacnamaíoch nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC chun cinn. Áirítear leis seo tionscadail a fheabhsaíonn próisis digitithe agus a léiríonn cineálacha cur chuige nuálacha chun straitéisí RIS atá bainteach le geallsealbhoirí, a chur i bhfeidhm. Fáiltítear roimh thionscadail a ullmhaíonn FBManna Eorpacha chun dul san iomaíocht i ngeilleagar domhandaithe agus féadfaidh gníomhaíochtaí a bheith i gceist, mar shampla, trína bhforbraítear teicneolaíocht agus táirgí nua, a fheabhsaíonn córais nuálacha, a chothaíonn iomaíochas trí thionscail deartha agus chruthaitheacha, a chothaíonn fiontraíocht shóisialta, a fheabhsaíonn nuálaíocht shóisialta agus seirbhíse, a thacaíonn le samhla nua gnó agus nuálaíochtaí cleachtas-bhunaithe. D’fhéadfadh rannchuidiú le córais nuálaíochta réigiúnacha inbhuanaithe agus cur chun cinn an mhargaidh fostaíochta sna tionscail dhigiteacha a bheith ina ngnéithe de thionscadail den sórt sin.

Tagairtí úsáideacha

- An Straitéis Eorpach Dhigiteach https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age_en
- An Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-industrial-strategy_en
- An tArdán um Speisialtóireacht Chliste: <https://s3platform.jrc.ec.europa.eu>
- Straitéis an Mhargaidh Eorpaigh Aonair: https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/single-market-strategy_en

Catagóir 2 – Eoraip ghlas

Dírítear i gCatagóir 2 ar thionscadail a thacaíonn le Cuspóir Beartais 2, chun Eoraip ghlas agus athléimneach a bhaint amach lena gcuirtear chun cinn aistriú chuig fuinneamh atá glan agus cothrom, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, cosc agus bainistiú riosca, agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe.

Féachann an tAontas Eorpach le bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050. Leis an Margadh Glas don Eoraip uailmhianach tá sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach folláine agus sláinte na saoránach agus na nglún atá le teacht a fheabhsú trí (1) aer úr, uisce glan, ithir shláintiúil agus bithéagsúlacht a sholáthar, (2) foirgnimh athchóirithe, tíosach ar fhuinneamh, (3) bia sláintiúil agus inacmhainne, (4) iompar poiblí níos mó, (5) fuinneamh níos glaine agus nuálaíocht ghlan teicneolaíochta atá ar thús cadhnaíochta, (6) táirgí a mhairfidh níos faide ar féidir iad a dheisiú, a athchúrsáil agus a athúsáid, (7) poist atá slán ó thaobh na todhchaí. agus oiliúint scileanna don trasdul chomh maith le (8) tionscal atá iomaíoch agus athléimneach ar fud an domhain. Mar sin is creat tábhachtach é an Comhaontú Glas. Leis an bPlean REPowerEU tá sé mar aidhm ag an AE tacú le sábháil fuinnimh, fuinneamh glan a tháirgeadh agus soláthairtí fuinnimh a éagsúlú. Chun aeráidneodracht a bhaint amach, mhol an Coimisiún an Dlí Eorpach Aeráide, lena socraítear freisin sprioc nua, níos uailmhianaí maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de -55% faoi 2030 ar a laghad, i gcomparáid le leibhéal 1990. Ag croílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip tá caomhnú agus cosaint fharraigí, aigéin agus comhshaoil na hEorpa ar foinse saibhris nádúrtha agus eacnamaíoch don Eoraip iad. Mar shampla, foráiltear sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfeadh 3 bhilliún crann breise faoi 2030. Ar an iomlán, áirítear leis bithéagsúlacht agus éiceachórais AE a chosaint, truailliú aeir, uisce agus ithreach a laghdú, bogadh i dtreo geilleagar ciorclach, bainistiú dramhaíola a fheabhsú agus inbhuanaitheacht an gheilleagair ghoirm agus earnálacha iascaigh a áirithiú. Tá sé mar aidhm ag an Eoraip freisin athrú a dhéanamh ar an gcóras talmhaíochta agus bia a fhágann gurb é an tAontas an ceannaire domhanda i dtéarmaí sábháilteachta, shlándáil an tsoláthair, cothaithe agus cáilíochta.

Táimid ag lorg tionscadail mhaithe a chuireann Eoraip níos glaise agus níos athléimní chun cinn agus a chuidíonn le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip maidir le haeráidneodracht a bhaint amach, agus a fheabhsaíonn na dálaí comhshaoil. I measc nithe eile, is féidir infheistíochtaí i dtionscnaimh ghlasa a chuimsiú a fheabhsaíonn cáilíocht an aeir agus an uisce, a chuireann talmhaíocht inbhuanaithe chun cinn, a chaomhnaíonn córais chomhshaoil, i dtionscadail. Is gnéithe de thionscadail den sórt sin freisin geilleagar ciorclach éifeachtach a chruthú, athrú i dtreo geilleagar atá tíosach ar acmhainní nó aistriú go fuinneamh in-athnuaite.

Tagairtí úsáideacha

- An Comhaontú Glas don Eoraip: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en
- Ón bhFeirm go dtí an Forc: https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/farm-fork-strategy_en
- Beartas Comhshaoil: https://environment.ec.europa.eu/index_en

Catagóir 3 – Eoraip nasctha

Díríonn Catagóir 3 ar thionscadail a thacaíonn le Cuspóir Beartais 3, chun soghluaisteacht agus nascacht a fheabhsú.

Beidh bonneagar nasctha, nua-aimseartha, slán agus cliste ríthábhachtach chun comhtháthú a bhaint amach agus chun an Comhaontú Glas don Eoraip a sheachadadh. Dá bhrí sin tá an tAontas Eorpach tiomanta do thacú le gréasáin idirnasctha thras-Eorpacha ardfheidhmíochta, inbhuanaithe agus éifeachtúla a fhorbairt i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha. Tá sé mar aidhm ag beartas iompair ar an leibhéal Eorpach gluaiseacht rianúil, éifeachtúil, shábháilte agus saorghluaiseacht daoine agus earraí ar fud an Aontais a áirithiú trí bhíthin líonraí comhtháite a úsáideann gach modh iompair (bóthar, iarnród, uisce agus aer). Oibríonn an Beartas Fuinnimh i dtreo córais fuinnimh ar fud na mór-roinne ina bhfuil fuinneamh ag sreabhadh go héasca trasna teorainneacha, bunaithe ar iomaíocht le rialáil éifeachtach ar mhargaí fuinnimh ar leibhéal AE nuair is gá, agus chun soláthar fuinnimh slán a sheachadadh do shaoránaigh. Mar sin, leagann an tAontas Fuinnimh amach an sprioc maidir le hAontas Fuinnimh athléimneach agus beartas aeráide uailmhianach ina chroílár. Ciallaíonn sé seo fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a sholáthar do thomhaltóirí AE – teaghlaigh agus gnólaictaí. Ag an am céanna, ina Straitéis Dhigiteach, leagann an tAontas amach an sprioc go mbeidh an Eoraip ar an mór-roinn is nasctha faoi 2030. Chun é seo a bhaint amach, mar shampla, tá an tAontas ag forbairt rialacha comhchuibhithe maidir le seirbhísí nascachta, tugadh isteach an cód cumarsáide leictreonaí Eorpach, tacaíonn sé le líonraí gan sreang amhail 5G agus chuir sé deireadh le táillí fánaíochta san Aontas. Mar sin féin, is é an príomhspríoc maidir le nascacht sna Deich mBliana Dhigiteacha rochtain ar chlúdach ardluais idirlín a bheith ag gach teaghlach Eorpach faoi 2025 agus nascacht gigighiotáin faoi 2030. Tá soláthar sa SCE d'infheistíochtaí a líonann na bearnaí i gcnámh droma fuinnimh, iompair agus digiteach na hEorpa.

Táimid ag lorg tionscadail mhaithe as a leanfadh Eoraip níos nasctha. Áirítear leis sin tionscadail a thacaíonn le réitigh shoghluaiseachta atá éifeachtach, sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol laistigh den Aontas agus a chruthaíonn na dálaí le haghaidh tionscal iomaíoch a ghineann fás agus poist. D'fhéadfadh ceisteanna fairsinge a bheith i gceist leo seo, amhail cearta paisinéirí nó breoslaí glana. Féadfaidh tionscadail cabhrú freisin le spriocanna na Líonraí Tras-Eorpacha a bhaint amach i réimse an fhuinnimh, an iompair nó na nascachta digití. Go follasach, is féidir le tionscadail forbairt bonneagair nua fuinnimh nó iompair, nó athshlánú nó uasghrádú an bhonneagair atá ann cheana a thaispeáint. Is féidir leo freisin forbairt bonneagair ardfheidhmíochta atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe a thaispeáint, lena n-áirítear líonraí Gigighiotáin agus 5G; acmhainn agus athléimneacht mhéadaithe i gcás bonneagar cnámh droma digiteach; nó digitiú líonraí iompair agus fuinnimh.

Tagairtí úsáideacha

- An clár oibre digiteach: <https://www.europarl.europa.eu/factsheets/en/sheet/64/digital-agenda-for-europe>
- An clár oibre digiteach: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/connectivity>
- Beartas Fuinnimh: <https://www.europarl.europa.eu/factsheets/en/sheet/68/energy-policy-general-principles>
- Straitéis don aontas fuinnimh: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2015:80:FIN>
- SCE: https://cinea.ec.europa.eu/programmes/connecting-europe-facility_en
- Beartas Iompair: https://transport.ec.europa.eu/facts-fundings_en

Catagóir 4 – Eoraip shóisialta agus chuimsitheach

Dírítear i gCatagóir 4 ar thionscadail a thacaíonn le Cuspóir Beartais 4, chun Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí a bhaint amach trí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar luachanna dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus urraim ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar cuid de mhionlaigh iad. I gcomhréir leis sin, tá iarrachtaí ollmhóra á ndéanamh ag an Aontas chun idirdhealú d'aon chineál a chomhrac agus an chaoi a gcaitear le gach Eorpach a fheabhsú, lena n-áirítear comhionannas inscne, lánpháirtiú imirceach, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. Soiléirítear in Airteagal 21 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta agus Saoirsí Bunúsacha go bhfuil aon idirdhealú bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach in aghaidh luachanna Samhail Eorpach de Shochaí agus beidh sé toirmiscthe san Aontas. I gcomhréir leo sin, tá na 20 prionsabal faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ag treorú an Aontais i dtreo Eoraip shóisialta láidir atá cothrom, uilechuimsitheach agus lán deiseanna do chách. Áirítear leis sin comhdheiseanna agus rochtain ar mhargadh an tsaothair, dálaí córa oibre, agus an ceart ar chosaint shóisialta agus chuimsiú sóisialta leordhóthanach. Áirítear an Plean Gníomhaíochta a leanfaidh as go mbainfear amach trí sprioc uailmhianacha faoi 2030. Ar an gcéad dul síos, is é sin le go mbeadh ar a laghad 78% den daonra idir 20 agus 64 bliain d'aois i bhfostaíocht; sa dara háit, 60% ar a laghad de na daoine fásta go léir a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain; agus ar an tríú dul síos, líon na ndaoine atá i mbaoil bochtaineachta nó eisiámh sóisialta a laghdú faoi 15 milliún duine ar a laghad.

Táimid ag lorg tionscadail mhaithe a chuidíonn le sochaí níos cuimsithí i gcoitinne, le neamh-idirdhealú i gcás an uile dhuine, agus le comhionannas inscne laistigh agus lasmuigh den Aontas. Go háirithe, tacóidh na tionscadail leis na 20 prionsabal agus leis na trí sprioc atá i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí ar an margadh saothair, in earnáil an oideachais, i bpobail áitiúla agus i líonraí idirnáisiúnta a bheith i gceist leis seo, mar shampla. Go sainráite, léireoidh tionscadail nuálaíocht i dtéarmaí cuimsiú gníomhach daoine a ndéantar idirdhealú ina leith, nó atá ina bhaol sin, ath-imeascadh daoine faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair a éascú, rannchuidiú le comhionannas inscne agus éagsúlacht trí straitéisí bainistíochta, nó poist a chruthú le linn obair chomhtháthaithe agus iarrachtaí frith-idirdhealaithe. Chomh maith leis sin, cuirtear fáilte roimh thionscadail ina ndírítear ar chúram leanaí, daoine scothaosta nó cúram sláinte agus a chuireann le cothromaíocht mhaith oibre agus saoil.

Tagairtí úsáideacha

- An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: https://ec.europa.eu/info/aid-development-cooperation-fundamental-rights/your-rights-eu/eu-charter-fundamental-rights_en

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights_en
- Plean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights_en
- Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais, Comhionannas Inscne: https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/gender-equality_en

Catagóir 5 – Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh

Dírítear i gCatagóir 5 ar thionscadail a thacaíonn le Cuspóir Beartais 5, chun forbairt inbhuanaithe agus chomhtháite gach cineál críocha agus tionscnamh áitiúil a chothú.

Tá an tAontas Eorpach tiomanta d'fhorbairt inbhuanaithe agus chomhtháite a dhéanamh ar limistéir uirbeacha, tuaithe agus cósta trí thionscnaimh áitiúla. Gné ríthábhachtach é chun Comhtháthú Eorpach a bhaint amach dúshlán iltéamacha a shárú maidir le forbairt réigiúnach chomhtháite trasna earnálacha. Le tabhairt isteach an Chuspóra Beartais ginearálta seo, tá sé d'aidhm ag an Aontas aitheantas a thabhairt do thábhacht na straitéisí infheistíochta comhtháite a dhíríonn ar scálaí críocha éagsúla – mar shampla cathracha, ceantair thuaithe, ceantair uirbeacha agus réigiúin fheidhmiúla) ina mbíonn daoine ag obair, ina gcónaí agus i mbun comaitéireachta gach lá. Mar sin tá sé mar aidhm ag an Aontas freagairt do na dúshlán a aithníodh laistigh de chríoch áirithe, a ndéanann geallsealbhóirí áitiúla réitigh áitiúla a fhorbairt ina leith. Má bhíonn fócas sainráite críochach ann ní mór do riachtanais, dúshlán agus deiseanna forbartha teacht leis an scála spásúlachta cuí agus leis an gcomhthéacs críochach. Aithníonn an Coimisiún ról na gcathracha beaga agus meánmhéide agus cur chuige limistéir feidhme mar fhórsaí tiomána tábhachtacha le haghaidh tarraingteacht agus forbartha réigiúnach agus tuaithe trí éifeachtaí dearfacha iarmhartacha a chruthú idir limistéir uirbeacha agus críocha eile, agus trí naisc uirbeacha-tuaithe a neartú. Le linn 2021-2027, i ngach Ballstát, cuirtear ar a laghad 8% d'acmhainní CFRE ar leataobh do chathracha de gach méid agus dá limistéir uirbeacha agus feidhme trí straitéisí forbartha críochacha agus/nó áitiúla, i.e. trí úsáid a bhaint as Infheistíocht Chríochach Comhtháite (ITI), Forbairt Áitiúil faoi threoir Pobail (CLLD) ach freisin uirlisí comhchosúla atá deartha ag na Ballstáit agus a thacaíonn le cineálacha cur chuige comhtháite. Soláthraíonn straitéisí críochach an deis chun cumas a thógáil agus gníomhaíochtaí áitiúla a thionscnamh a rannchuidíonn le beartais Eorpacha, lena n-áirítear aistrithe glasa agus digiteacha.

Táimid ag lorg tionscadail mhaithe a thacaíonn le cur i bhfeidhm straitéisí áitiúla agus réigiúnacha, mar, mar shampla, straitéisí um Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe (SUD) nó straitéisí forbartha críochacha agus áitiúla. Is féidir le tionscadail freisin sainréimsí a thaispeáint ina bhfeabhsaítear saol laethúil na saoránach agus ina dtacaítear le tógáil acmhainne. Tá sé mar aidhm ag tionscadail cabhrú leis an réigiún aghaidh a thabhairt ar dhúshlán forbartha ar leith i limistéar uirbeach feidhme nó i gcríoch uirbeach agus réitigh shainiúla áit-bhunaithe a fhorbairt do na saoránaigh.

Tagairtí úsáideacha

- An Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh: https://commission.europa.eu/about-european-commission/get-involved/european-citizens-initiative_en
- Comhtháthú críochach: https://ec.europa.eu/regional_policy/policy/what/territorial-cohesion_en
- Handbook of Urban Development Strategies: <https://urban.jrc.ec.europa.eu/urbanstrategies/territorial-focus#the-chapter>
- Handbook of Territorial and Local Development Strategies: <https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC130788>

Catagóir 6 – TOPAIC NA BLIANA Bliain Eorpach na Scileanna 2023

Bliain Eorpach Scileanna 2023 is ábhar do Chatagóir 6. Díríonn an tAontas Eorpach ar bhreisoiliúint agus ar athoiliúint a fheabhsú, chomh maith le huirlisí faisnéise scile a fhorbairt.

Tá an tAontas Eorpach ag forbairt níos mó agus níos mó ina gheilleagar atá dian ar fhaisnéis. Dá bhrí sin, éilíonn a margaí saothair oibrithe ardcháilithe agus oilte. Beidh deiseanna fostaíochta níos fearr ag oibrithe oilte agus beidh siad rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí. Tá sé seo ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh an téarnamh eacnamaíoch chomh maith leis na haistrithe glasa agus digiteacha cothrom agus cóir go sóisialta. Tabharfaidh an Bhliain Eorpach um Scileanna spreagadh úr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena gcumhachtófar daoine agus cuideachtaí chun rannchuidiú leis na haistrithe glasa agus digiteacha, agus tacú le nuálaíocht agus le hiomaíochas. Cabhróidh sé le cuideachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, díriú ar ghanntanas scileanna san Aontas Eorpach agus meon athoiliúna agus breisoiliúna a chur chun cinn, ag cabhrú le daoine na scileanna cearta a fháil le haghaidh post ardchaighdeán. Faoi láthair, deir níos mó ná trí cheathrú de chuideachtaí san Aontas go bhfuil sé deacair orthu oibrithe a bhfuil na scileanna riachtanacha acu a aimsiú; go háirithe, baineann sé seo le poist i dtionscail na hardteicneolaíochta agus an digitithe. I measc na nithe eile a chuireann dúshlán faoin gclár oibre Eorpach um scileanna ná an t-athrú déimeagrafach i dtreo sochaí atá ag dul in aois agus na géarchéimeanna domhanda a mbíonn tionchar acu ar an Eoraip. Tá an t-athrú tapa i dtreo Eoraip atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus an claochlú digiteach ag athrú an chaoi a n-oibrímid, a bhfoghlaimímid, a nglacaimid páirt sa tsochaí agus a gcaitheann muid ár saol laethúil. Ní féidir leis an Eoraip na deiseanna seo a thapú ach amháin má fhorbraíonn a muintir na scileanna cearta. Chuige sin, tá plean gníomhaíochta cúig bliana leagtha amach sa Chlár Oibre Eorpach um Scileanna ina bhfuil 12 ghníomhaíocht chun cabhrú le daoine san Eoraip scileanna níos fearr a shealbhú.

Táimid ag lorg tionscadail mhaithe a thacaíonn le hoibrithe ar gá dóibh scileanna nua a fháil agus bogadh go poist nua in earnáil dhifriúil den gheilleagar nó a bhfuil gá acu le huasoiliúint chun a bpost a choinneáil i dtimpeallacht nua oibre. Is féidir gur tionscadail iad seo a úsáideann seirbhísí an mhargaidh saothair chun gairmoiliúint agus oideachas a fheabhsú agus nuáil a dhéanamh iontu. Ina theannta sin, cuirtear fáilte roimh thionscadail a thacaíonn le gnólaicthe chun daoine a uas-sciliú agus a athoiliúint agus a ath-imeascadh isteach sa mhargadh saothair; go háirithe daoine atá i measc na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, mná, chomh maith le daoine nach bhfuil sa chóras oiliúna nó oideachais. Ina theannta sin, is féidir go bhfuil tionscadail ann a n-éiríonn leo speisialaithe agus tallann ó thríú tíortha a mhealladh.

Tagairtí úsáideacha

- An Bhliain Eorpach um Scileanna 2023: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-year-skills-2023_en
- An Clár Oibre Scileanna don Eoraip: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_1196
- Comhshocrú um Scileanna: https://pact-for-skills.ec.europa.eu/index_en

Critéir Incháilitheachta agus Ghradaim

Critéir incháilitheachta

Comhlíonfaidh gach iarratas ar Ghradaim REGIOSTARS na **critéir incháilitheachta** seo a leanas:

- a) Cuirfear an t-iarratas isteach trí ardán ar líne REGIOSTARS tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine 2023, 23:59:59 CET.
- b) Caithfidh iarratais a bheith i gceann de theangacha oifigiúla AE.
- c) Áireofar san iarratas litir fhorhmhuinithe ón Údarás Bainistíochta ábhartha. Ba cheart an litir fhorhmhuinithe – foirm fhorhmhuinithe líonta arna shíniú ag ceannaire an Údaráis Bhainistíochta nó ríomhphost leis an bhfaisnéis choibhéiseach ó Cheann an Údaráis Bainistíochta ag dearbhú formhuiniú – a uaslódáil mar PDF in éineacht leis an iarratas. (Tabhair faoi deara gur féidir suas le cúig thionscadal a chur isteach in aghaidh an chláir. Tá an tÚdarás Bainistíochta freagrach as an teorainn a urramú.)
- d) Déanfar tagairt san iarratas do thionscadal a fuair cómhaoiniú AE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe, ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste um Aistriú Cóir nó do thionscadal a fuair maoiniú ón AE faoi aon snáithe de chlár Interreg, ag tosú an 1 Eanáir 2014 ar a luaithe.
- e) Ní bhreithneofar ach tionscadail chríochnaithe. Is éard is tionscadal chríochnaithe ann ná tionscadal a bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe go léir déanta ann, a bhfuil an ranníocaíocht airgeadais deiridh faighte ina leith agus atá dearbhaithe ag tairbhí an tionscadail agus/nó ag an Údarás Bainistíochta.
- f) Caithfidh an tionscadal tagairt shoiléir a dhéanamh do cheann de na 6 chatagóir ghradaim. Ní féidir an tionscadal céanna a chur isteach i níos mó ná catagóir amháin.

Critéir ghradaim

Déanfaidh REGIOSTARS na hiarratais incháilithe a mheas i gcomparáid leis na critéir ghradaim seo a leanas:

Comhtháthu	An méid a chuireann an tionscadal le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach i gcoitinne; le peirspictíocht fhor-réigiúnach i leith na hEorpa. Déanfar luach breise tionscadail maidir le comhtháthú a mheas anseo.
Tionchar	Tionchar áitiúil agus réigiúnach an tionscadail agus cáilíocht na dtorthaí deiridh. Conas a d'athraigh an tionscadal rud éigin chun feabhais ina réigiún?
Nuálaíocht	Carachtar nuálaíoch an tionscadail laistigh de loighic na catagóire gradaim roghnaithe. Cad atá nua? Cad nár rinneadh cheana? Is féidir nuálaíocht a thuiscint i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus/nó éiceolaíochta.

Inbhuanaitheacht	Acmhainneacht an tionscadail go mairfidh sé amach anseo, i dtéarmaí inbhuanaitheacht eacnamaíoch. Ba chóir go léireofaí iarrachtaí an tionscadail chun go mairfidh sé níos faide ná saolré iarbhír an tionscadail.
Saoránaigh	Conas a ghlac saoránaigh agus gníomhaithe na sochaí sibhialta páirt i bhforbairt agus/nó i gcur i bhfeidhm an tionscadail.
Inaistritheacht	Acmhainneacht an tionscadail a aistriú go réigiúin eile san Eoraip agus, sa chás is fearr, é a uasghrádú agus a chur ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh.

An próiseas roghnúcháin

Ag tosú ón mbliain seo, tá athbhreithniú déanta ar an bpróiseas roghnúcháin, le cur chuige dhá chéim in ionad an nós imeachta a bhí ann roimhe seo chun buaiteoirí a roghnú. Go hachomair, oibreoidh an próiseas ar an mbealach seo:

- Faoin 31 Bealtaine 2023, cuirfidh tú d'iarratas isteach, lena n-áirítear an litir fhormhuinithe ó d'Údarás Bainistíochta.
- Faoin 10 Iúil, roghnóidh giúiré neamhspleách ar a mbeidh saineolaithe acadúla i réimsí na hiomaíochta suas le 5 iomaitheoir in aghaidh na catagóire. Beidh an roghnú bunaithe ar an bhfoirm iarratais a cuireadh isteach.
- Ón 14 Meán Fómhair go dtí an 14 Samhain, beidh vóta poiblí ar líne oscailte chun Gradam Rogha an Phobail a roghnú as measc na n-iomaitheoirí ar fad.
- Tabharfar cuireadh chun na Bruiséile chuig babhta ceannais roghnúcháin le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha do lucht an bhabhta cheannais. Anseo, iarrfar orthu:
 - Cur i láthair gairid tionscadail a dhéanamh os comhair na moltóirí agus an lucht féachana
 - Plé painéil ghairid a dhéanamh le moltóirí.

Féach gur i mBéarla a bheidh an babhta ceannais roghnúcháin.

Faoi dháta shearmanais REGIOSTARS (16 Samhain) cinnfidh moltóirí, i gcomhar le DG REGIO, buaiteoir amháin do gach catagóir.

- Fógrófar na buaiteoirí, lena n-áirítear buaiteoir Gradam Rogha an Phobail, le linn searmanas REGIOSTARS in Ostrava, Poblacht na Seice, an 16 Samhain.

Treoir Phraiticiúil do REGIOSTARS 2023

1. An bhfuil mo thionscadal ina iarrthóir maith do chomórtas REGIOSTARS?

1.1. Cad atá á lorg ag an gCoimisiún sa chomórtas seo?

Tá an Coimisiún ag lorg tionscadail arna maoiniú ag AE a bhfuil tionchar acu agus a chuireann le comhtháthú na hEorpa. Cuimsíonn scéim na ngradam sé chatagóir, a n-aithneofar cúig cinn acu ó chuspóirí an bheartais chomhtháthaithe agus topaic na bliana, a athróidh ó bhliain go bliain.

1.2. Cad iad catagóirí an chomórtais?

Seo na sé chatagóirí comórtais:

- Category 1) EORAIP IOMAÍOCH AGUS CHLISTE
- Catagóir 2) EORAIP GHLAS
- Catagóir 3) EORAIP NASCTHA
- Catagóir 4) EORAIP SHÓISIALTA AGUS CHUIMSITHEACH
- Catagóir 5) EORAIP ATÁ NÍOS GAIRE DO NA SAORÁNAIGH
- Catagóir 6) TOPAIC NA BLIANA (An Bhliain Eorpach Scileanna 2023)

Tá cur síos níos mionsonraithe ar na catagóirí agus léiriú ar na tionscadail a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun na critéir ghradaim a chomhlíonadh tugtha ag tús na Treorach seo.

Ba cheart go mbeadh feidhm ag tionscadail laistigh den chatagóir a fhreagraíonn don chuspóir beartais faoinar maoiníodh iad. I gcás na dtionscadal a maoiníodh le linn na tréimhse 2014-2020, ba cheart do na hiarratasóirí tagairt a dhéanamh don chatagóir den chomórtas a fhreagraíonn don chuspóir téamach faoinar maoiníodh iad mar a shonraítear sa tábla comhshó (larscríbhinn 1).

Is féidir tionscadail ar mian leo iarratas a dhéanamh sa chatagóir 'Topaic na bliana' a bheith maoinithe faoi aon chuspóir beartais nó téamach, ach ba cheart a gcuspóirí agus a bhfuil bainte amach acu a ailíniú go soiléir leis an gcur síos ar an gcatagóir.

Ní féidir an tionscadal céanna a chur isteach i níos mó ná catagóirí amháin.

1.3. Cé na cineálacha tionscadal cómhaoinithe AE atá incháilithe?

Gach tionscadal a fuair maoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) (lena n-áirítear Interreg), an Ciste Comhtháthaithe (CF), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus Ciste Sóisialta na hEorpa +, an Ciste um Aistriú Cóir, agus aon snáithe Interreg.

I dtéarmaí tréimhsí maoinithe, tá tionscadail ón tréimhse 2014-2020 agus 2021-2027 araon incháilithe. Tabhair faoi deara gur tionscadail chríochnaithe amháin atá incháilithe.

Ina theannta sin, fáiltítear roimh tionscadail agus tionscnaimh a chomhcheanglaíonn na cistí thuasluaite le cistí eile AE.

Cuirtear critéir incháilitheachta i láthair i gcuid ar leith den treoir seo ('Critéir Cháilitheachta agus Ghradaim').

1.4. An féidir liom tionscadal a thosaigh roimh 2014 a chur isteach?

Ní féidir. Ní mór dáta tosaigh an tionscadail a bheith níos luaithe ná 1 Eanáir 2014.

1.5. An féidir liom tionscadal a críochnaíodh le déanaí a chur isteach?

Is féidir. Ní bhreithneofar ach tionscadail chríochnaithe.

1.6. An bhfuil uaslíon iarratas ann?

Tá. Is féidir uasmhéid de chúig iarratas in aghaidh an chlár a chur isteach. Cinntíonn Údarás Bainistíochta an chlár lena fhorhuiniú go n-urramaítear an t-uaslíon seo.

2. Conas a chuirim mo thionscadal isteach?

2.1. Conas a n-oibríonn sé i mbeagán focal?

Comhlánaíonn tú an t-iarratas ar líne agus uaslódálann tú litir fhorhuinithe ó d'údarás bainistíochta faoin spriocdháta a shonraítear. D'fhéadfadh litreacha fhorhuinithe a bheith i bhfoirm teimpléid chomhlánaithe atá ar fáil ar an [ardán ar líne](#) nó trí ríomhphost leis an bhfaisnéis chomhionann ó Cheann an Údaráis Bainistíochta, arna uaslódáil mar chomhad PDF. *Sin é!*

2.2. Cá gcuirim an t-iarratas isteach?

Ar ardán ar líne REGIOSTARS: <http://www.regiostarsawards.eu>

2.3. Cad é an spriocdháta chun iarratais a chur isteach?

31 Bealtaine 2023 23:59:59 CET

2.4. Cé ar cheart dóibh an t-iarratas a chur isteach?

Tionscnóir an tionscadail a chaithfidh iarratais a chur isteach (= an eagraíocht a bhí freagrach as an tionscadal a chur i bhfeidhm). Beidh an litir fhorhuinithe, arna síniú ag an Údarás Bainistíochta, ag gabháil leis an bhfoirm iarratais. Tá an fhoirm don litir ar fáil ar an [ardán ar líne](#). Chomh maith leis sin, is féidir ríomhphost ina bhfuil an fhaisnéis choibhéiseach ó cheannaire an Údaráis Bainistíochta ag dearbhú fhorhuiniú, arna uaslódáil ar an ardán mar PDF, in ionad na litreach fhorhuinithe.

2.5. Cén teanga inar féidir an t-iarratas a chur isteach?

Caithfidh iarratais a bheith i gceann de theangacha oifigiúla AE. Déanfar gach iarratas a aistriú go Béarla le meaisín chun do mheasúnú na moltóirí.

2.6. Conas a chuirim logánú mo thionscadal in iúl?

Léiríonn tú na comhordanáidí geografacha nó seoladh beacht an fhoirgnimh ina bhfuil an tionscadal suite.

I gcás tionscadal ina bhfuil roinnt suíomhanna nó nach bhfuil aon láthair sheasta acu (m.sh. tionscadail fostaíochta nó maoiniú FBM), roghnaigh an ceann is suaitheanta (m.sh. an áit ar tharla an infheistíocht is tábhachtaí) nó roghnaigh suíomh thionscnóir an tionscadail (m.sh. ceanncheathrú na gníomhaireachta cistiúcháin).

Úsáidtear an fhaisnéis seo chun láithreacha na dtionscadal go léir a thaispeáint ar ár suíomh Gréasáin.

2.7. An féidir liom tionscadal a cuireadh isteach cheana féin ag eagrán níos luaithe de na RegioStars a chur isteach?

Is féidir, is féidir tionscadail a chur isteach den dara huair.

2.8. An féidir liom an t-iarratas a sheoladh trí ríomhphost freisin?

Ní féidir. Chun cabhrú leat d'iarratas a ullmhú, cuirimid an fhoirm iarratais ar fáil duit i bhformáid Microsoft Word. Mar sin féin, ní mór iarratais a chur isteach go díreach trí ardán ar líne REGIOSTARS: www.regiostarsawards.eu

2.9. An gá an t-iarratas a chur isteach in aon chéim amháin? Nó an féidir an t-iarratas a shábháil agus a chríochnú níos déanaí?

Is féidir iarratais a shábháil ag aon chéim den phróiseas agus iad a chríochnú ag dáta níos déanaí sula gcuirtear isteach iad. Ní thabharfar an t-iarratas chun críche ach amháin tar éis duit cliceáil ar 'submit' (cuir isteach).

2.10. Cén fáth go bhfuil dhá phointe san fhoirm iarratais a gcaithfear cur síos a dhéanamh ar an tionscadal iontu?

Bainfear úsáid as an gcur síos gairid, mealltach ar an tionscadal chun críocha cumarsáide. Tabhair anseo cur síos sothuigthe a thaispeánann don phobal i gcoitinne cén fáth a bhfuil do thionscadal eisceachtúil agus conas a chuidíonn sé le saol na nEorpach a fheabhsú. Tá an chuid seo de d'fhoirm iarratais le húsáid gan athrú mór, e.g. chun críocha Ghradam Rogha an Phobail mar chur síos gairid ar do thionscadal.

Tá an "cur síos ar an tionscadal" níos faide de dhíth chun gur féidir leis na moltóirí eolas a chur ar an tionscadal. Tugtar cuireadh duit anseo cur síos gairmiúil níos faide ar an tionscadal a sholáthar leis an bhfaisnéis ábhartha ar fad a mheasann tú a bheith riachtanach do na moltóirí chun do thionscadal a mheas.

2.11. Cad é an t-eolas a iarrtar faoi "tionchar an tionscadail"?

Molaimid an chuid seo den fhoirm iarratais a scríobh agus tú ag smaoineamh ar na hiarmhairtí dearfacha ar fad nárbh ann dóibh murach gur cuireadh an tionscadal i bhfeidhm.

2.12. Cad iad na ceanglais theicniúla a chaithfidh na hÍomhánna a chomhlíonadh?

Iarrtar ort pictiúir ardaifigh a chur isteach a úsáidfear ar bhealaí cumarsáide éagsúla, mar shampla in ábhair chlóite, ar líne agus le haghaidh taispeántais, le linn agus i ndiaidh an chomórtais. Ba cheart go mbeadh 300 dpi nó 10 MB nó níos mó ar a laghad sna pictiúir seo.

Iarraimid ort freisin a dhearbhu gurb í an eagraíocht a ndéanann tú ionadaíocht di is úinéir cóipchirt na n-íomhánna agus mar sin go bhfuil na cearta ábhartha go léir aici, lena n-áirítear údaruithe na ndaoine inaitheanta san íomhá, agus gur féidir leis an gCoimisiún Eorpach na híomhánna a úsáid le haghaidh cuspóirí Ghradaim Regiostars agus Beartas Réigiúnach AE a chur chun cinn ar gach ardán (láithreáin ghréasáin, clóite, na meáin shóisialta agus eile).

2.13. Cad a tharlaíonn tar éis dom mo thionscadal a chur isteach?

Tar éis dheireadh na tréimhse iarratais, déanfar seiceáil incháilitheachta ar gach iarratas tionscadail. Cuirfear na hiarratais tionscadail incháilithe faoi bhráid an ghiúiré lena meas. Foilseofar gach tionscadal incháilithe freisin ar ardán ar líne REGIOSTARS. Cuirfear torthaí na seiceála incháilitheachta ar fáil do lucht na dtionscadal. Féach an roinn “próiseas roghnóireachta” agus iarscríbhinn 2 “clár ama” den treoír seo le haghaidh tuilleadh faisnéise.

2.14. Conas a oibríonn vóta an phobail?

Beidh córas vótála ar líne ar oscailt ón 14 Meán Fómhair go dtí an 14 Samhain. Le linn na tréimhse seo beidh an deis ag an bpobal vótáil ar son an tionscadail is fearr leo i measc na n-iomaitheoirí. Faigheann an tionscadal a bhfuil an líon is mó vótaí aige Gradam Rogha an Phobail. Molaimid go mór do na tionscadail deiridh agus a nÚdarás Bainistíochta feachtas/gníomh cumarsáide a eagrú chun a rannpháirtíocht sa vóta poiblí a chur chun cinn.

2.15. Cé leis ar féidir liom dul i dteagmháil leo má tá ceisteanna agam?

Seol do chuid fiosruithe faoin bpróiseas iarratais i ríomhphost chuig: contact@regiostarsawards.eu

3. Cad é ról an Údaráis Bhainistíochta?

3.1. Cad a chaithfidh an tÚdarás Bainistíochta a dhéanamh?

Dhá ról atá ag an údarás bainistíochta:

- Foirm fhormhuinithe sínithe nó ríomhphost leis an bhfaisnéis choibhéiseach a sholáthar don iarratasóir agus a chinntiú go gcuirtear isteach 5 thionscadal ar a mhéad in aghaidh an chláir;
- Páirt a ghlacadh i searmanas bronnta leis an gCoimisinéir um Chomhtháthú agus Athchóiriú le gach tionscadal sa bhabhta ceannais (an Coimisiún a íocann na costais).

3.2. Cén fáth a gcaithfidh an tÚdarás Bainistíochta an t-iarratas tionscadail a fhorhuiniú?

Ar an gcéad dul síos, cinntíonn an tÚdarás Bainistíochta nach gcuirtear isteach níos mó ná cúig iarratas in aghaidh an chláir oibriúcháin. Ar an dara dul síos, cuireann an tÚdarás Bainistíochta in iúl don Choimisiún, cibé acu an raibh an tionscadal faoi réir aon chineál imscrúdaithe, a

bhféadfadh ceartú airgeadais a bhaineann le neamhrialtachtaí nó calaois a bheith mar thoradh air.

3.3. An féidir liom tionscadal a chur isteach gan formhuiniú an Údaráis Bhainistíochta?

Ní féidir.

3.4. An bhfuil aon teorainneacha maidir le líon na n-iarratas de réir catagóire?

Níl, baineann sé seo go hiomlán leis na cláir (d'fhéadfadh fiú 5 iarratas a bheith ag cláir in aon chatagóir amháin). Ar an iomlán, tá cead ag údaráis bhainistíochta cibé próiseas roghnúcháin a mheasann siad a bheith cuí a úsáid chun na tionscadail fhorfhuithe dá gclár a shaináithint.

3.5. An féidir le comhlacht idirmheánach síniú thar ceann an Údaráis Bhainistíochta?

Is féidir. Féachfaidh an comhlacht idirmheánach chuige, áfach, go mbeidh comhordú leis an Údarás Bainistíochta.

3.6. Cad is brí le ‘ionadaí’ an Údaráis Bhainistíochta san fhoirm iarratais?

Is faoin Údarás Bainistíochta atá sé cinneadh a dhéanamh cé a shíníonn an litir fhorfhuithe. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé/sí a bheith ina cheannaire ar an Údarás Bainistíochta féin, i gcásanna eile d'fhéadfadh sé/sí a bheith ina chlárghabhaithe nó ina oifigeach cumarsáide (go háirithe i gcás clár níos mó).

3.7. Cad a tharlóidh má tá an tÚdarás Bainistíochta...?

Más rud é nach bhfuil an tÚdarás Bainistíochta a bhí i bhfeighil chlár 2014-2020 ann níos mó, nó gur athraíodh é, ba cheart don Údarás Bainistíochta atá i bhfeighil chlár 2021-2027 (a tháinig i gcomharbacht ar chlár 2014-2020) an t-iarratas a fhorfhuithe.

Má tá an tÚdarás Bainistíochta céanna i gceannas ar roinnt clár, féadfaidh sé suas le cúig thionscadal in aghaidh an chláir a fhorfhuithe. Má chumhdaíonn cláir leantacha (2014-2020 agus 2021-2027) an chríoch céanna agus go bunúsach na téamaí céanna, níor cheart, mar sin féin, ach cúig thionscadal a chur i láthair don tréimhse iomlán ama ó 2014 i leith.

4. Conas a dhéantar measúnú ar mo thionscadal – agus cad a tharlaíonn ina dhiaidh?

4.1. Cén chuma atá ar phróiseas meastóireachta an ghiúiré?

Féach an roinn “próiseas roghnúcháin” den treoir seo d'iarratasóirí.

Ní thabharfar don ghiúiré ach iarratais a shásaíonn na critéir incháilitheachta. Sa chéad chéim den mheastóireacht, déanfaidh an ghiúiré measúnú ar na hiarratais agus na critéir ghradaim á gcur san áireamh agus roghnóidh sé suas le cúigear iomaitheoir do gach catagóir. Sa dara céim, buailfidh an ghiúiré leis na hiomaitheoirí deiridh le haghaidh cur i láthair faoin tionscadal agus plé painéil, ina mbeidh deis acu ceisteanna breise a chur faoin tionscadal, agus roghnóidh siad na buaitheoirí bunaithe air sin.

Léigh go cúramach na ranna a bhaineann leis na critéir cháilitheachta agus ghradaim le haghaidh tuilleadh sonraí.

4.2. Cé a bhíonn ar an ngiúiré?

Bíonn an giúiré comhdhéanta de 18 gcomhalta acadúla ardleibhéil, arna n-ainmniú ag an gCoimisiún. Oibríonn baill an ghiúiré i bhfoirne de thriúr (bunaithe ar a gcuid saineolais i gcatagóir gradaim ar leith) ach déanann siad an cinneadh deiridh ar lucht an bhabhta ceannais agus ar na buaiteoirí le chéile mar ghrúpa.

4.3. Cad a tharlóidh má roghnaítear mo thionscadal mar iomaitheoir sa bhabhta ceannais?

Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoi chinneadh an ghiúiré ar a dtionscadal faoin 10 Iúil, agus sin an tráth a bhfógrófar iomaitheoirí an bhabhta ceannais freisin.

Tar éis an fhógra, tugtar cuireadh do na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais ionadaí(í) a ainmniú chun páirt a ghlacadh sa dara céim meastóireachta mar chuid de Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha sa Bhruiséil. Is féidir leis an gCoimisiún Eorpach ainmniúchán na n-iomaitheoirí sa bhabhta ceannais a tharraingt siar mura nglactar páirt sa dara céim mheastóireachta.

Eagrófar leathlae oiliúint cumarsáide roimh an imeacht mar ullmhúchán. Moltar go láidir, mar sin, go nglacfaidh an t-ionadaí a ainmnítear le bheith rannpháirteach sa dara céim roghnúcháin páirt san oiliúint freisin.

Tabhair faoi deara gur i mBéarla a dhéanfar an dara babhta seo agus an babhta ceannais den phróiseas roghnúcháin.

Glacfaidh gach iomaitheoir páirt go huathoibríoch sa vótáil ar líne do Ghradam Rogha an Phobail.

Ar deireadh, tugtar cuireadh do na hiomaitheoirí go léir sa bhabhta ceannais mar aon le hionadaí ón Údarás Bainistíochta páirt a ghlacadh sa Searmanas Gradam in Ostrava, Poblacht na Seice.

Chun eolas níos cruinne a fháil ar na dátaí, féach le do thoil d'Iarscríbhinn 2 den treoir seo d'iarratasóirí. Is é an Coimisiún a íocann costais rannpháirtíochta sna himeachtaí thuasluaite.

4.4. Cad a tharlaíonn má bhuann mo thionscadal?

Fógrófar buaiteoirí REGIOSTARS ag an searmanas bronnta. Gheobhaidh an bainisteoir tionscadail agus ionadaí ón Údarás Bainistíochta trófaí REGIOSTARS ón gCoimisinéir Eorpach um Chomhtháthú agus Leasuithe.

Tar éis an tsearmanais, eagróidh an Coimisiún mionfheachtais áitiúla i gcomhar leis na tionscnóirí tionscadail a bhuann agus na hÚdaráis Bhainistíochta.

4.5. Cathain a bheidh searmanas REGIOSTARS ar siúl?

Féach an t-amchlár in iarscríbhinn 2 den treoir seo d'iarratasóirí.

Iarscríbhinn 1. Tábla comhshó

Cuspóirí Téamacha 2014-2020	Cuspóirí Beartais 2021-2027
TO 1; TO 2; TO3;	PO1- Eoraip níos iomaíche agus níos cliste
TO4; TO5; TO6	PO2- Eoraip níos glaise ísealcharbóin
TO7	PO3- Eoraip níos nasctha
TO8, TO9, TO10	PO4- Eoraip Níos Sóisialta
ITI, CLLD, UIA	PO5- Eoraip atá níos gaire dá shaoránaigh

Ba cheart tionscadail ó 2014-2020 a thagann faoi Chuspóir Téamach 11 a shuí i gceann de na cúig chatagóir de réir a dtopaice.

Iarscríbhinn 2. Tráthchlár REGIOSTARS 2023

Imeacht	Dáta
Seoladh an chomórtais	Dé Céadaoin 27 Feabhra
Dáta deiridh d'iarraitais	Dé Céadaoin 31 Bealtaine
Eolas faoin tseiceáil incháilitheachta	Dé hAoine 16 Meitheamh
Fógairt lucht an bhabhta cheannais	Dé Luain 10 Iúil
Tosach Vóta an Phobail	Déardaoin, 14 Meán Fómhair
Oiliúint ar líne d'iomaitheoirí sa bhabhta ceannais ar conas tionscadal a chur i láthair	I rith sheachtain 38 (18-22 Meán Fómhair)
Dinnéar lucht an bhabhta cheannais leis an gCoimisinéir	Dé Máirt 10 Deireadh Fómhair
Cuireann lucht an bhabhta cheannais a dtionscadail i láthair na moltóirí	Dé Céadaoin 11 Deireadh Fómhair
Deireadh le vóta an phobail	Dé Máirt 14 Samhain
Searmanas REGIOSTARS	Déardaoin 16 Samhain (in Ostrava)
Feachtais áitiúla le buaiteoirí	Ón 1 Nollaig ar aghaidh
Físeáin d'fheachtais áitiúla le buaiteoirí	Ag dáta seolta REGIOTARS 2024